www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2013**

# Irish

## Unit 3: Listening
## Foundation Tier

**[GIR31]**

**WEDNESDAY 15 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio "beep" to precede each question

Five second pauses unless otherwise stated on transcript

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2013
Irish, Unit 3, Listening, Foundation Tier

Read each question carefully, listen to the recording and write your answer in the space provided. You will hear each section twice.

1 Ciara tells you about her likes and dislikes.

*Ciara:* – Dia daoibh. Is mise Ciara. Tá mé dhá bhliain déag d'aois. Tá mé ar Scoil Naomh Muire i nDún Pádraig. Is maith liom an scoil ach ní maith liom obair baile.

2 Rónán takes part in a survey about school.

*Fem voice:* – A Rónáin, cad é mar atá tú inniu?

*Rónán:* – Tá mé go maith, go raibh maith agat.

*Fem voice:* – Inis dom cén lá scoile is fearr leat.

*Rónán:* – Is fearr liom an Déardaoin mar bíonn peil agam.

*Pause*

*Fem voice:* – Agus cén t-ábhar scoile is fearr leat?

*Rónán:* – Is fearr liom stair mar tá sí suimiúil.

*Pause*

*Fem voice:* – Agus cén múinteoir is fearr leat?

*Rónán:* – Is fearr liom an múinteoir spóirt mar tá sé cairdiúil.

www.xtrapapers.com

3 Pádraig talks about his Saturday morning.

*Fem voice:* – A Phádraig, cén t-am ar éirigh tú?

*Pádraig:* – Bhí mé iontach tuirseach ar maidin. D'éirigh mé ar leath indiaidh a deich. Bhí mé ag an dioscó aréir.

*Pause*

*Fem voice:* – Cad é a d'ith tú don bhricfeasta?

*Pádraig:* – D'ith mé arán rósta agus d'ól mé tae.

*Pause*

*Fem voice:* – Cad é a rinne tú ansin?

*Pádraig:* – Nigh mé na soithí.

4 Nuala and Ciarán have a conversation.

*Ciarán:* – Maidin mhaith, a Nuala.

*Nuala:* – Maidin mhaith, a Chiaráin.

*Pause*

*Ciarán:* – Tá sé iontach fuar inniu.

*Nuala:* – Tá, ach níl sé fliuch, buíochas le Dia.

www.xtrapapers.com

5 Liam describes his friends, Tomás and Sinéad.

*Fem voice:* – A Liam, cad é an t-ainm atá ar do chara is fearr?

*Liam:* – Tomás an t-ainm atá air.

*Fem voice:* – Cuir síos ar Thomás.

*Liam:* – Tá a chuid gruaige dubh. Tá sé measartha ard. Tá sé ramhar agus tá sé iontach láidir.

*Pause*

*Fem voice:* – Cad é an t-ainm atá ar do chara eile?

*Liam:* – Sinéad an t-ainm atá uirthi.

*Fem voice:* – Cuir síos ar Shinéad.

*Liam:* – Tá a súile gorm. Tá a cuid gruaige catach agus caitheann sí spéaclaí.

6 You hear a conversation in a shop.

*Fem voice:* – Dia duit, a dhuine uasail. Cad é ba mhaith leat?

*Masc voice:* – Dia's Muire duit. Ba mhaith liom buidéal uisce, le do thoil.

*Pause*

*Fem voice:* – Ar mhaith leat buidéal mór nó buidéal beag?

*Masc voice:* – Buidéal beag, le do thoil.

*Fem voice:* – Agus an bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort?

*Masc voice:* – Níl, go raibh maith agat. Sin é.

*Pause*

*Masc voice:* – Cá mhéad atá air?

*Fem voice:* – Tá cúig pingine is seasca air.

*Masc voice:* – Maith go leor. Seo an t-airgead.

*Fem voice:* – Go raibh maith agat. Slán.

www.xtrapapers.com

7 You hear an announcement in a shop.

*Masc voice:* – Bhur n-aird, bomaite beag, le bhur dtoil.

Tá sé fiche i ndiaidh a naoi anois, agus beidh an siopa seo ag druidim ar leath i ndiaidh a naoi.

*Pause*

Tá praghasanna speisialta ar gach rud ar an chéad urlár sa siopa.

8 Three friends talk about their hobbies.

*Nóra:* – Is mise Nóra. Tá mé falsa. Ní maith liom spórt ar chor ar bith. Is maith liom bheith ag léamh. Téim chuig an leabharlann go minic ar an Satharn.

*Pause*

*Peadar:* – Is mise Peadar. Is fearr liom bheith ag imirt cluichí taobh amuigh le mo chairde. Is maith liom peil ach is fearr liom iománaíocht. Imrím iománaíocht ar fhoireann na scoile.

*Pause*

*Pól:* – Is mise Pól. Tá mé i mo bhall den chlub cispheile ar scoil. Bíonn cluiche againn sa tsólann gach Aoine i ndiaidh na scoile.

9 Three teenagers describe how they are feeling unwell.

*Sorcha:* – Is mise Sorcha. Níl mé go maith ar chor ar bith. D'ith mé lón mór agus anois tá pian i mo bholg.

*Pause*

*Ruairí:* – Is mise Ruairí. Bhí mé ag imirt peile ar scoil inné. Bhain muid an cluiche ach ar an drochuair thit mé agus bhris mé mo lámh.

*Pause*

*Máire:* – Is mise Máire. Bhí mé ag déanamh staidéir mar beidh scrúdú mata agam amárach. Anois tá tinneas cinn orm.

www.xtrapapers.com

10 Seán talks about his holidays.

*Fem voice:* – A Sheáin, ar thaitin na laethanta saoire leat?

*Séan:* – Thaitin siad go mór liom. Bhí sos de dhíth orm i ndiaidh na scrúduithe.

*Pause*

*Fem voice:* – Cá raibh tú?

*Séan:* – Bhí mé ar an chósta in iarthar na hÉireann. Chuaigh mé ag snámh san fharraige agus d'imir mé cluichí ar an trá gach lá.

*Pause*

*Fem voice:* – Cad é mar a bhí an aimsir?

*Séan:* – Bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir ar fheabhas. Bhí an ghrian ag soilsiú gach lá.

*Pause*

*Fem voice:* – An raibh tú ag stopadh in óstán?

*Séan:* – Ní raibh. Bhí muid ag campáil agus bhí an chraic go maith.

www.xtrapapers.com

11 Lára and Garaí have a telephone conversation.

*Lára:* – Dia duit, a Gharaí. Lára anseo.

*Garaí:* – Dia's Muire duit, a Lára.

*Lára:* – An bhfuil tú ag teacht chuig an chóisir sa teach s'agamsa, anocht?

*Garaí:* – Tá, cinnte.

*Pause*

*Lára:* – Tá mo ríomhaire glúine briste. Bhí sé ar an leaba agus thit sé. An féidir leat ceol a íoslódáil dom don chóisir?

*Garaí:* – Déanfaidh mé sin duit. An bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort?

*Lára:* – Níl, go raibh maith agat. Tá gach rud eile déanta.

*Pause*

*Garaí:* – An mbeidh scaifte ag teacht anocht?

*Lára:* – Beidh. Ach beidh go leor bia ann mar chaith mé an lá ar fad sa chistin ag cócaireacht.

*Garaí:* – Maith go leor.

www.xtrapapers.com

12 Áine is being interviewed for a job.

*Áine:* – Dia duit. Is mise Áine Ní Fhathaigh.

*Masc voice:* – Dia's Muire duit. Is mise an bainisteoir. Chuala mé gur mhaith leat post páirtaimseartha. An mbeidh tú ar fáil gach lá?

*Áine:* – Beidh mé ar fáil gach lá ach amháin ar an Luan.

*Pause*

*Masc voice:* – An bhfuil taithí oibre agat?

*Áine:* – Níl. Ní raibh post ar bith agam roimhe seo agus ba bhreá liom post a bheith agam. Is duine ionraic mé agus tá mé iontach díograiseach fosta.

*Pause*

*Masc voice:* – Maith go leor. Tá cuidiú de dhíth orm. An féidir leat lá amháin a dhéanamh gach deireadh seachtaine?

*Áine:* – Is féidir, cinnte. Go raibh maith agat.

*Masc voice:* – Tar ar ais Dé hAoine ar a ceathair a chlog agus cuirfidh mé traenáil ort.

*Áine:* – Maith go leor. Feicfidh mé Dé hAoine thú.

*Masc voice:* – Slán go fóill.

13 Úna talks about her weekend.

Is mise Úna. Níor bhain mé sult as an deireadh seachtaine mar ní raibh cead agam dul amach le mo chairde. Tháinig mo sheanmháthair ar cuairt agus chuaigh muid chuig bialann nua sa bhaile mhór. Thaitin an oíche le mo sheanmháthair agus le mo thuismitheoirí ach bhí mise dúdóite.

*Pause*

Caithfidh mé a rá go raibh an bhialann galánta. Bhí an béile ceart go leor ach, ar ndóigh, ní raibh rogha mór bia ar fáil domsa mar ní ithim feoil. D'ith mé iasc agus a lán glasraí. Nuair a chuaigh muid abhaile d'amharc muid ar scannán maith agus d'ith muid milseáin.

This is the end of the recording.